

Tá sé mar aidhm ag an Rialtas go mbeidh **Gaeilge líofa ag 20% d'earcaigh nua na Státseirbhíse** faoin mbliain 2030. Ciallaíonn sé seo go mbeidh gá breise le Gaeilgeoirí sa Státseirbhís sna blianta atá romhainn. Is fiú go mór a bheith ar an eolas faoi na deiseanna fostaíochta seo! Féach www.publicjobs.ie

Tá éagsúlacht agus réimse leathan ról sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí – oifigigh chléireachais, eolaithe, cigirí, innealtóirí, ailtirí, tréidlianna, dlíodóirí, eacnamaithe – agus tá go leor féidearthachtaí ann le dul chun cinn a dhéanamh. Tá struchtúr ar leith ag baint leis na ról éagsúla sa Státseirbhís, agus ní gá go mbeadh cáilíocht tríú leibhéal agat chun do chos a chur ar an dréimire. Féach thíos:

Na Gráid:

- | | |
|------------------------------|-------------------------|
| 1 Oifigeach Cléireachais | 5 Príomhoifigeach Cúnta |
| 2 Oifigeach Feidhmiúcháin | 6 Príomhoifigeach |
| 3 Oifigeach Riaracháin | 7 Rúnaí Cúnta |
| 4 Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 8 Ard-Rúnaí |

Deis nua sa Státseirbhís: Osclaíodh comórtas i mbliana do speisialtóirí cumarsáide a bhfuil Gaeilge líofa acu, ag leibhéal Ardoifigigh Feidhmiúcháin.

Is féidir níos mó eolais a fháil ar na gráid éagsúla agus ar an obair a bhaineann leo anseo:



Samplaí de chúrsaí le Gaeilge a rinne daoine atá ag obair sa Státseirbhís

Cód	Cúrsa	Cáilíocht	Institiúid/Ollscoil	Cód QR
CK101	Polaitíocht/Gaeilge	BA	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	
CK122	Rialtas & Eolaíocht Pholaitiúil	BSc	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	
LQF5 (UCAS)	Caidreamh Idirnáisiúnta & Gaeilge	BA	Ollscoil na Banríona, Béal Feirste	
	Gaeilge Ghairmiúil	Teastas	Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr	
	Gaeilge Fheidhmeach	Diplóma	Ollscoil Luimnigh	
	Gaeilge Fheidhmeach	Ard-Diplóma	Ollscoil na Gaillimhe	

Eolas do dhaltáí scoile: <https://www.publicjobs.ie/ga/scoileanna/eolas-do-dhalta>





Sadbh Ó Cinnseala, Príomhoifigeach Gníomhach in Aonad na dTeangacha Oifigiúla agus Tacaíochtaí Poiblí


“Tá an Ghaeilge imithe i bhfeidhm ar gach gné de mo shaol. Rinne mé mo chuid scolaíochta trí Ghaeilge ar an Spidéal, ag baint scoláireacht Ghaeilge amach ansin, agus d’fhreastail mé ar Ollscoil na Gaillimhe le céim i nDámh na nDán a bhaint amach. Tar éis roinnt spaisteoireachta thart a dhéanamh timpeall na cruinne ansin, d’fhill mé ar an ollscoil chun an Mháistreacht in Ateangaireacht Chomhdhála a bhaint amach le Gaeilge agus Béarla, arís in Ollscoil na Gaillimhe.

Chruthaigh sí seo go leor deiseanna eile taistil dom agus mé ag obair go minic i lár an aonaigh in institiúidí na hEorpa sa Bhrúisil agus i Strasbourg.

D’athraigh mé treo ón nGaeilge ansin ar feadh píosa, agus rinne mé staidéar ar Bhainistíocht Córais Faisnéise. Ach ní fada gur tháinig an teanga ar ais chun cinn arís ag cruthú deis eile fós dom agus scoláireacht TCF faighte agam in Údarás na Gaeltachta ar feadh tréimhse dhá bhliain chun forbairt a dhéanamh ar an méid a bhí foghlamtha agam le linn an chúrsa sin.

Tháinig mé isteach ag an státseirbhís ar shruth Gaeilge de chomórtas oscailte Oifigigh Feidhmiúcháin in 2016. Leis an gcomórtas sin, d’éirigh liom post sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a bhaint amach, agus tá mé ag plé go dlúth le cúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta ó shin i leith.

Faoi láthair, tá mé ag feidhmiú ag grád Príomhoifigigh Ghníomhaigh tar éis roinnt arduithe céime a fháil laistigh de thréimhse réasúnta gearr de 7-8 de bhlianta – buntáiste eile arís a bhaineann leis an nGaeilge agus tóir ar dhaoine leis na scileanna breise seo. Is ag plé le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla atáim i láthair na huaire, ag obair i dtreo a chinntiú go mbaintear amach an sprioc uailmhianach earcaíochta go mbeidh 20% d’earcaigh chuig an earnáil phoiblí inniúil i nGaeilge roimh dheireadh 2030.”



Na Seirbhísí Sláinte: Tá na seirbhísí seo ag lorg dochtúirí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair, agus teiripeoirí urlabhra agus teanga a bhfuil Gaeilge acu, agus tá siad ag tairiscint **scoláireachtaí de luach €4,000**, maoinithe ag Údarás na Gaeltachta.

